# Scéim Tréscaoilteachta Scagtha Bhóthar an Chlochair – Triail Bainistíochta Tráchta

## Forbhreathnú ar an Scéim Trialach

**Cuimsíonn an scéim trialach scagadh amach trí thrácht ar Bhóthar an Chlochair chun níos mó spáis agus timpeallacht níos síochánta, níos ciúine ó thaobh tráchta de a sholáthar do dhaoine atá ag siúl agus ag rothaíocht. Coimeádfar rochtain tráchta dhá-bhealach idir Bhóthar Kentstown agus eastát Chois Abhann; scagaire módúil (cúngú bóthair), le lonnú soir ó Chois Abhann ar feadh achair thart ar 270 méadar. Cuirfidh sé seo cosc ar mhótarfheithiclí ag taisteal i dtreo Chaisleán Áth Luimnigh ach ligfidh sé do choisithe agus do rothaithe dul thart. Ní bheidh aon trácht ar an gcuid aon-bhealach atá ann cheana ar Bhóthar an Chlochair (ach amháin do rochtain áitiúil trí Chaisleán Áth Luimnigh ) agus beidh an spás bóthair ar fáil le haghaidh siúil agus rothaíochta sa dá threo feadh na coda seo. Trí thrácht a bhaint ón gcuid seo den bhóthar, tugtar an deis duit freisin plandóirí tírdhreacha a chur isteach**. Déanfar an limistéar timpeall ar bhealach isteach Scoil Loreto a uasghrádú chun sábháilteacht a fheabhsú dóibh siúd atá ag siúl agus ag rothaíocht ar scoil; agus cuirfear feabhas ar an spás glas atá ann le pleanáil nua.

Cuimseoidh an scéim uasghrádú ar an soilsiú poiblí atá ann cheana agus suiteáil córais nua CCTV.

Suiteálfar agus triailfear na bearta thuas ar feadh tréimhse 12 mí. Le linn na trialach déanfar monatóireacht agus measúnú ar phátrúin taistil mar chuid den phróiseas meastóireachta trialach. Tar éis meastóireachta na trialach a chríochnú agus a athbhreithniú, déanfar cinneadh na hathruithe a dhéanamh buan nó gan iad a dhéanamh buan, faoi réir an próiseas reachtúil riachtanach a bheith críochnaithe agus an maoiniú a fhaomhadh.



## Cuspóir na Trialach

- Tá sé beartaithe go mbeidh Bóthar an Chlochair mar chuid de Scéim Rothaíochta agus Coisithe Áth Luimnigh go Baile Átha Troim. Cinnfidh an triail seo an é tréscaoilteacht an rogha is fearr don chuid seo den bhealach.
- Tá sé mar aidhm ag an scéim trialach seo tosaíocht a thabhairt do ghluaiseacht modhanna iompair inbhuanaithe (rothaíocht agus siúl) thar mhótarfheithiclí.
- Molann an triail scagaire módúil a chur isteach ar bhonn sealadach d’fhonn pátrúin taistil inbhuanaithe a chur chun cinn, sábháilteacht do dhaoine atá ag siúl agus ag rothaíocht a fheabhsú agus tionchar na n-athruithe sin ar phátrúin taistil áitiúla a mheas.

comhairle chontae na mí
*meath county council*




## Buntáistí na Scéime

- **Inrochtaineacht fheabhsaithe do choisithe agus do rothaithe. Beidh cead ag rothaí taisteal sa dá threo feadh fad iomlán Bhóthar an Chlochair. Beidh níos mó spáis ag coisithe siúl ar an gcuid tréscaoilteachta scagtha den bhóthar.**
- **Feabhsófar sábháilteacht do choisithe agus do rothaithe tríd an laghdú i dtrácht gluaisteáin (chuig rochtain áitiúil amháin). Beidh coisithe in ann an bóthar iomlán a úsáid in ionad an chosáin chúng atá ann,agus beidh cead ag rothaithe taisteal sa dá threo feadh an chuid aon-bhealach roimhe seo de Bhóthar an Chlochair.**
- **Soláthróidh sé bealach níos sábháilte agus níos ciúine chuig agus ó Scoil Loreto.**
- **Laghdóidh an scéim torann feithiclí agus feabhsóidh sí cáilíocht an aeir feadh Bhóthar an Chlochair.**
- **Déanfar an limistéar timpeall ar an mbealach isteach chuig Scoil Loreto a uasghrádú chun sábháilteacht ag geata na scoile a fheabhsú agus an réimse poiblí a fheabhsú.**
- Soláthrófar gnéithe nua tírdhreachaithe chun an timpeallacht a fheabhsú ar an mbealach.
- Cuimseoidh an scéim uasghrádú ar an soilsiú poiblí atá ann cheana agus suiteáil córais nua CCTV



## Seirbhísí Éigeandála agus Rochtain d'Fheithiclí Áitiúla

Ligfidh mullaird inleacaithe/solúbtha ag an scagaire módúil ag Cois Abhann d'fheithiclí seirbhíse éigeandála taisteal feadh fad iomlán Bhóthar an Chlochair ó gach taobh.

Tabharfar rochtain ar áitribh phríobháideacha agus ar an reilig trí thaobh Chaisleán Áth Luimnigh den bhóthar le linn na tréimhse trialach.

## Oidhreacht agus Éiceolaíocht atá ann cheana

Tá sé de bhuntáiste ag an togra seo buntáistí a sholáthar do choisithe agus do rothaithe i dtéarmaí sábháilteachta agus compord gan tionchar a imirt ar oidhreacht reatha an bhóthair agus na gceantar máguaird. Ní bheidh aon tionchar ar na ballaí teorann nó ar aon cheann de na réadmhaoine feadh an bhóthair. Cuirfidh an torann agus na hastuithe tráchta laghdaithe leis an gceantar stairiúil seo den Uaimh.




comhairle chontae na mí
*meath county council*

## Comhairliúchán Poiblí

Mar gheall ar na srianta reatha Covid-19 atá i bhfeidhm tá Foirgneamh uile na Comhairle dúnta, agus rochtain phoiblí teoranta do ghnó práinneach amháin. Tá pleananna agus sonraí an togra ar fáil lena n-iniúchadh ón 5 Iúil 2021 faoi 'Chomhairliúcháin Phoiblí' ar láithreán gréasáin na Comhairle. https://consult.meath.ie.

Beidh pleananna agus sonraí na scéime beartaithe ar fáil lena n-iniúchadh trí choinne ó Dé Luain, 5 Iúil 2021 go Dé hAoine, 23 Iúil 2021 le linn uaireanta oifige in oifig an Údaráis Áitiúil atá liostaithe thíos:

Comhairle Chontae na Mí, Teach Buvinda, Bóthar Átha Cliath, An Uaimh, Co na Mí, C15 Y291.

Iarrtar ar dhaoine ar mian leo na doiciméid a iniúchadh ag an suíomh seo teagmháil a dhéanamh roimh ré le Seirbhís do Chustaiméirí ar 0469097000 chun socrú a dhéanamh chun féachaint orthu, nó trí ríomhphost a sheoladh chuig customerservices@meathcoco.ie.

## Aighneacht a dhéanamh

Is féidir uiríll/barúlacha maidir leis an triail bainistíochta tráchta atá beartaithe agus oibreacha ghaolmhara a dhéanamh i scríbhinn chuig An tÚdarás Bóithre mar seo a leanas: **An tOifigeach Riaracháin, Comhairle Chontae na Mí, An Roinn Iompair, Teach Buvinda, Bóthar Átha Cliath, An Uaimh, Co. na Mí C15 Y291**, trí láithreán gréasáin na Comhairle https://consult.meath.ie, nó trí r-phost chuig transport@meathcoco.ie ar **5in nó roimhe ar Dé Luain, 26 Iúil 2021**.

## Déan teagmháil linn

Má tá aon cheist agat faoi d'aighneacht a dhéanamh nó ceisteanna faoi na pleananna, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ag

R-phost: transport@meathcoco.ie   Teil: 046 9097000

*An Irish language version of this document is available on request or can be downloaded from www.meath.ie Tá leagan Gaeilge den cháipéis seo ar fáil ach é aiarraidh, nó is féidir é a íoslódáil www.meath.ie*